



Roinn 1

Iasachtaí a Thuiscint

Comhlánaigh na habairtí ag baint úsáid as na focail sa bhosca thíos:

iasacht, amlíne aisíocaíochta, príomhshuim, Ráta Céatadánach Bliantúill, ús

1. _____ an praghas a íocann tú as airgead a fháil ar iasacht.
- 2 Is é _____ an méid airgid a fhaigheann tú ar iasacht.
3. Léiríonn _____ an méid úis a íocann tú ar an airgead a fhaigheann tú ar iasacht gach bliain, agus áirítear leis freisin aon táillí nó muirir bhreise a bhaineann leis an iasacht.
4. Dá fhaide fad _____, is ea is mó a íocfaimid ar ais in ús thar shaolré na hiasachta.
5. Chun an t-ús a chaithfidh tú a íoc ar iasacht a ríomh, ní mór duit smaoineamh ar an bpríomhshuim, an ráta úis atá á thairiscint duit ag an mbanc nó ag an gcomhar creidmheasa agus an _____.





Roinn 2

Réitigh Mhínithe



Réiteach Mínithe: Iasacht Aoife

Tá iasacht €5,000 de dhíth ar Aoife. Ba mhaith léi amharc ar na roghanna éagsúla atá ar fáil le gur féidir léi an cinneadh is fearr a dhéanamh. Tháinig Aoife ar an rogha iasachta seo a leanas. Tá banc ag tairiscint APR de 4.2% agus an rogha an iasacht a aisíoc thar cheithre nó cúig bliana. Cé mhéad a bheadh le híoc ar ais ag Aoife ar gach rogha, más féidir gach iasacht a aisíoc i dtráthchodanna comhionanna míosúla?

Réiteach: 4 bliana

	APR	Interest Calculations	Interest
Year 1	4.2%	$€5,000 \times 0.042$	€210
Year 2	4.2%	$(€5,000 - €1,250) \times 0.042$	€157.50
Year 3	4.2%	$(€3,750 - €1,250) \times 0.042$	€105
Year 4	4.2%	$(€2,500 - €1,250) \times 0.042$	€52.50
Total Interest			€525
Total Repayment			€5,525



Roinn 2

Réitigh Mhínithe



Réiteach Mínithe: Iasacht Aoife

Tá iasacht €5,000 de dhíth ar Aoife. Ba mhaith léi amharc ar na roghanna éagsúla atá ar fáil le gur féidir léi an cinneadh is fearr a dhéanamh. Tháinig Aoife ar an rogha iasachta seo a leanas. Tá banc ag tairiscint APR de 4.2% agus an rogha an iasacht a aisíoc thar cheithre nó cúig bliana. Cé mhéad a bheadh le híoc ar ais ag Aoife ar gach rogha, más féidir gach iasacht a aisíoc i dtráthchodanna comhionanna míosúla?

Réiteach: 5 bliana

	APR	Interest Calculations	Interest
Year 1	4.2%	$€5,000 \times 0.042$	€210
Year 2	4.2%	$€4,000 \times 0.042$	€168
Year 3	4.2%	$€3,000 \times 0.042$	€126
Year 4	4.2%	$€2,000 \times 0.042$	€84
Year 5	4.2%	$€1,000 \times 0.042$	€42
Total Interest			€630
Total Repayment			€5,630



Roinn 3

Do Scileanna a Úsáid



C1. Tá rogha á déanamh ag Jamie idir dhá iasacht:

Iasacht	APR	Téarma	Ús Íoctha
A	5%	3 bliana	€450
B	5%	6 bliana	€900

(i) Cén fáth a roghnódh Jamie Iasacht B?

(ii) Cad iad na hiarmhairtí a bhaineann le Iasacht B a roghnú i dtéarmaí aisíocaíochtaí iomlána?



- (i) Cá mhéad úis a íocfaidh Musa thar thréimhse na hiasachta?
- (ii) Cad iad na haisíocaíochtaí iomlána a bheidh le híoc aige?

[illegible]




Roinn 3

Do Scileanna a Úsáid

C3. Téigh chuig ccpc.ie agus bain úsáid as an uirlis chomparáide iasachtaí. Cuardaigh iasacht €5,000 thar 6 bliana.

Faigh:

- (i) An APR is ísle atá ar fáil
- (ii) Costas iomlán na hiasachta sin





Roinn 4

Ceisteanna le haghaidh Plé

Bain úsáid as an uirlis CCPC ar líne chun breathnú ar rátaí iasachta reatha, ansin ríomh cúpla aisíocaíocht shamplach bunaithe ar mhéideanna agus ar théarmaí iasachta éagsúla.

Cén dóigh a bhféadfadh athruithe ar ioncam nó costais gan choinne dul i gcion ar chumas duine iasacht a aisíoc?

Cad iad na huirlisí matamaitice agus airgid CCPC a d'fhéadfadh duine a úsáid chun cuidiú leis nó léi pleanáil faoi choinne sin?



Roinn 4

Ceisteanna le haghaidh Plé

Is minic a dhírítear fógraí iasachta ar aisíocaíochtaí seachtainiúla nó míosúla ísle. Cad chuige a bhféadfadh sé sin a bheith míthreorach agus costas foriomlán na hiasachta á bhreithniú?



Roinn 4

Ceisteanna le haghaidh Plé

Dá mbeifeá ag athdhearadh fógra iasachta, cad iad na sonraí matamaiticiúla tábhachtacha a chuirfeá san áireamh lena chinntiú go bhfuil sé soiléir agus intuigthe?

